Scrúduithe stáit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scrúduithe stáit na bliana in Éirinn. Gan féachaint ar an mír fós, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil inti?

1. uncertainty _____
2. careers teacher _____
3. as if, as though _____
4. getting down to _____
5. cramming _____
6. in store for _____
7. inspired, motivated _____
8. self-control _____
9. at all costs, one way or the other _____
10. to seize the opportunity _____
11. objective _____



Ceist 2 Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail ó cheist 1 thuas inti. Pléigh an comhthéacs ina raibh na focail sin sa mhír leis an duine in aice leat. Mar shampla:

Tá an éiginnteacht faoi na scrúduithe ag cur brú ar dhaltaí scoile.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cad é an t-eolas ar fad a fhoghlaimímid faoi Aisling Ní Chonghaile?
2. Cad a mholann Máirín Ní Mhainnín?
3. Cad a mholann an Roinn Oideachais?

Ceist 4 '…ar d**h**altaí…' agus '…ar bun…'

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'daltaí' ach nach bhfuil ar 'bun'?

2. Anois déanaigí iarracht na cinn seo a dhéanamh:

ar (cíos) _____
ar (doras) _____
ar (díol) _____
ar (meisce) _____
ar (Siobhán) _____
ar (balla) _____
ar (ball) _____
ar (barr) na seilf _____
ar (mire) _____
ar (gluaisteán) _____

Ceist 5 Comhchiallaigh

Bhí comhchiallaigh na bhfocal agus na bhfrásaí seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- neamhchinnteacht
- ag luí isteach ar
- measartha
- cuidiú
- ar shlí amháin nó ar shlí eile
- idir an dá am

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An gceapann tú go mbeidh na scrúduithe stáit ar siúl i mbliana? Cén fáth?
2. Conas atá an t-ordú dianghlasála ag cur isteach ar dhaltaí meánscoile?
3. Conas atá an t-ordú dianghlasála ag cur isteach ar dhaltaí bunscoile?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. uncertainty	*éiginnteacht*
2. careers teacher	*múinteoir gairmthreorach*
3. as if, as though	*amhail is*
4. getting down to	*ag cromadh ar*
5. cramming	*dianstaidéar*
6. in store for	*i ndán do*
7. inspired, motivated	*spreagtha*
8. self-control	*féinsmacht*
9. at all costs, one way or the other	*ar ais nó ar éigean*
10. to seize the opportunity	*an deis a thapú*
11. objective	*cuspóir*

Ceist 2

Is féidir leat stop a chur leis an mír tar éis gach focal le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an comhthéacs a thuiscint.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1.

- ✓ Leanann séimhiú ***ar*** nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist:
  ar Chathal, ar bhord, ar chathaoir
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a chuirtear staid nó coinníoll in iúl:
  ar meisce, ar fionraí
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá ionad ginearálta i gceist:
  ar tír
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá am i gceist:
  ar maidin

2.

ar (cíos)	*ar cíos*
ar (doras)	*ar dhoras*
ar (díol)	*ar díol*
ar (meisce)	*ar meisce*
ar (Siobhán)	*ar Shiobhán*
ar (balla)	*ar bhalla*
ar (ball)	*ar ball*
ar (barr) na seilf	*ar bharr na seilf*
ar (mire)	*ar mire*
ar (gluaisteán)	*ar ghluaisteán*

Ceist 5

neamhchinnteacht – *éiginnteacht*
ag luí isteach ar – *ag cromadh ar*
measartha – *sách*
cuidiú – *cúnamh*
ar shlí amháin nó ar shlí eile – *ar ais nó ar éigean*
idir an dá am – *idir an dá linn*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Níl aon treoir tugtha ag an Roinn Oideachais faoin uair a reáchtálfar scrúduithe Ardteistiméireachta na bliana seo. Tá an éiginnteacht ag cur brú ar dhaltaí, ach deir múinteoirí gairmthreorach gur cheart do dhaltaí leanacht[1] orthu amhail is gur i mí an Mheithimh a bheidh siad ar bun.

Sorcha Ní Mhonacháin
Aisling Ní Chonghaile sa Spidéal, i gContae na Gaillimhe, ag glacadh sosa ón staidéar inniu. Bliain ar bith eile bheadh daltaí Ardteiste ag cromadh inniu ar an chéad lá de dhianstaidéar. Ach tá trí seachtaine caite ag daltaí anois sa bhaile agus gan cinnteacht ar bith ann faoina bhfuil i ndán do na scrúduithe

Aisling Ní Chonghaile, Dalta Ardteiste
Níl dada soiléir faoi láthair agus níl a fhios againn go díreach, agus, tá sé sách deacair, ar ndóigh, a bheith spreagtha agus a bheith ag iarraidh do chuid oibre a dhéanamh nuair nach bhfuil a fhios agat go díreach céard a bheas ag tarlú. Bheadh sé i bhfad níos éasca mo chuid oibre a dhéanamh agus...nuair atá spriocdháta faoi leith leagtha amach. Ach, faoi láthair tá sé saghas deacair, i ndáiríre, a bheith spreagtha.

Traolach Ó Conghaile, Athair Aisling
Tá siad sa mbaile leo féin. Níl siad ag dul chuig an scoil, *so*, caithfidh struchtúr a bheith ann don lá. Caithfidh siad éirí, aghaidh a thabhairt ar an staidéar. Ansin, tagann sé isteach ó na múinteoirí ar an idirlíon nó na ríomhairí. Agus é sin, ó thaobh rudaí a eagrú, dóibh féin an bhfuil a fhios agat, níl an cúnamh breise sin [ann]. Tá go leor… táimid ar fad sa mbaile freisin, *so* tá go leor ag tarlú sa mbaile timpeall orthu. Agus, tá sé deacair gan an clár ama rialta agus an féinsmacht a bheith éifeachtach.

Sorcha Ní Mhonacháin
Dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar, an tseachtain seo a chuaigh thart go leanfar de scrúduithe na hArdteiste ar ais nó ar éigean, ach ní fios go díreach cá huair. Deir múinteoirí gairmthreorach gur cheart leanstan[2] ar aghaidh amhail is nach bhfuil dátaí na scrúduithe athraithe.

Máirín Ní Mhainnín, Príomhoide Choláiste na bPiarsach, Ros Muc
Agus muid anois tosaithe, tús curtha le saoire na Cásca, mholfainn plean oibre a leagan síos, an deis a thapú chun cleachtadh a dhéanamh ar cheisteanna na bpáipéar scrúdaithe. Neart cleachtaidh a dhéanamh orthu sin, am a chur air.

Sorcha Ní Mhonacháin
I ráiteas a chuir siad ar fáil tráthnóna, dúirt an Roinn Oideachais linne go bhfuil an rialtas dírithe ar a chinntiú go leanfaidh na scrúduithe stáit – an Teastas Sóisearach agus an Ardteist – ar aghaidh. Dúirt siad go bhfuil siad ag obair ar phleananna teagaisc le Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena chinntiú go dtarlóidh sin. Idir an dá linn, tá siad ag comhairliú do dhaltaí díriú ar an obair agus leanstan ar aghaidh ag staidéar, díriú ar an chuspóir agus glacadh leis go leanfaidh na scrúduithe ar aghaidh.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

[1] *leanúint* an leagan caighdeánach
[2] *leanúint* an leagan caighdeánach